CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/499 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Márta 2022

lena bhformheastar leasuithe ar phleananna náisiúnta, a mhéid a bhaineann leis an gCipir agus leis an tSlóivéin, um chur chun feidhme na gcóras bailíochtaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)1844)

(Is iad na téacsanna Gréigise agus Slóivéinise, agus iad sin amháin, na téacsanna barántúla)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 109(8) de,

Ag féachaint do thíolacadh na leasuithe ar na pleananna náisiúnta um chur chun feidhme na gcóras bailíochtaithe ag an gCipir agus ag an tSlóivéin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 109(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tá na Ballstáit le pleananna náisiúnta a bhunú um chur chun feidhme na gcóras bailíochtaithe i ndáil le sonraí a thaifeadtar i gcomhréir leis an Rialachán sin, ionas gur féidir leis na Ballstáit tosaíochtaí a shocrú i dtaca le bailíochtú agus cros-seiceálacha agus i dtaca le gníomhaíocht leantach maidir le neamhréireachtaí bunaithe ar bhainistíocht riosca. Leasuithe a dhéanfar ar na pleananna sin, táthar lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhformheas.

(2) Ar an 23 Meitheamh 2021, chuir an tSlóivéin faoi bhráid an Choimisiúin, lena bhformheas, leasuithe ar a plean náisiúnta reatha, plean a formheasadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/82/AE ón gCoimisiún ([2]). Comhlíonann na leasuithe sin na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 109 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus in Airteagail 143 go 145 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ([3]). Dá bhrí sin, ba cheart iad a fhormheas.

(3) Ar an 3 Meán Fómhair 2021, chuir an Chipir faoi bhráid an Choimisiúin, lena bhformheas, leasuithe ar a plean náisiúnta reatha, plean a formheasadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/82/AE. Comhlíonann na leasuithe sin na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 109 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus in Airteagail 143 go 145 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011. Dá bhrí sin, ba cheart iad a fhormheas.

(4) Is é atá sa Chinneadh seo an cinneadh formheasa de réir bhrí Airteagal 109(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/82/AE ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2013 maidir leis an gCoimisiún do fhormheas pleananna náisiúnta um chur chun feidhme na gcóras bailíochtaithe i gcomhréir le hAirteagal 109(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle (IO L 44, 15.2.2013, lch. 18).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

(5) Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur i bhfeidhm na bpleananna náisiúnta maidir lena n-oibriú éifeachtach. Má léiríonn torthaí na bhfíoruithe, na n-iniúchtaí agus na gcigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún faoi chuimsiú Theideal X de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nach bhfuil sé d'acmhainn ag na pleananna a áirithiú, i dtaca le sonraí a thuairiscítear chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, go bhfuil na sonraí sin iomlán, cruinn agus go dtuairiscítear iad laistigh de na spriocdhátaí is infheidhme, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit a bplean a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar na leasuithe ar an bplean náisiúnta um chur chun feidhme an chórais bailíochtaithe a thíolaic an Chipir an 3 Meán Fómhair 2021, i gcomhréir le hAirteagal 109(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 2

Formheastar na leasuithe ar an bplean náisiúnta um chur chun feidhme an chórais bailíochtaithe a thíolaic an tSlóivéin an 23 Meitheamh 2021, i gcomhréir le hAirteagal 109(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 3

Más rud é, ar bhonn thorthaí na bhfíoruithe, na n-iniúchtaí agus na gcigireachtaí arna ndéanamh faoi chuimsiú Theideal X de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, go measfaidh an Coimisiún nach n-áirithítear leis na pleananna bailíochtaithe arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 go gcuirfidh na Ballstáit chun feidhme go héifeachtach na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 109 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; féadfaidh sé, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann, a iarraidh go leasófar na pleananna. Leasóidh na Ballstáit a bplean bailíochtaithe i gcomhréir leis an iarraidh sin.

Airteagal 4

Is chuig Poblacht na Cipire agus chuig Poblacht na Slóivéine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún